An Roinn Oideachais
Department of Education

**Ciorclán 0034/2023**

**Chuig: Udaráis Bhainistíochta, Príomhoidí agus Boird Bhainistíochta Bunscoileanna, Meánscoileanna Deonacha, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta rannpháirteach i gclár DEIS, agus chuig Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna.**

# CDSIS (COMHIONANNAS DEISEANNA A SHEACHADADH I SCOILEANNA) PLEANÁIL GNÍOMHAÍOCHTA AGUS LEITHDHÁILEADH DEONTAIS DO GACH SCOIL CDSIS

## Aidhm

Is é aidhm an chiorcláin seo a chur in iúl d'údaráis na bainistíochta scoile faoi na scoileanna atá rannpháirteach i gClár CDSIS maidir leis an méid seo a leanas:

- An riachtanas atá ann do scoileanna rannpháirteach i gclár CDSIS le dul i ngleic le pleanáil gníomhaíochta chórasach le haghaidh feabhsúcháin.
- An riachtanas atá ann go n-úsáidfear deontas CDSIS chun tacú leis na leanaí agus na daoine óga sin is mó atá i mbaol míbhuntáiste oideachais.
- Bainistíocht agus maoirseacht an deontais CDSIS.
- Tacaíochtaí atá ar fáil chun cuidiú le scoileanna.

**Plean Gníomhaíochta CDSIS le haghaidh feabhsúcháin de chuid scoile is ea a plean feabhsúcháin scoile chun críocha fhéinmheastóireacht na scoile (FMS). Níl gá le plean breise ná plean ar leith.**

**Foilseoidh an Roinn treoirlínte suas chun dáta ar phróiseas pleanála gníomhaíochta CDSIS i mí Mheán Fómhair 2023.**

## Cúlra

Is é clár CDSIS an phríomhionstraim polasaí chun tabhairt faoi mhíbhuntáiste oideachais i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna.

Tá clár CDSIS deartha go sonrach chun tacú le daltaí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais agus chun feabhas a chur ar thorthaí oideachais ag leibhéal na scoile. I bPlean CDSIS[1] leagtar amach fís na Roinne Oideachais le go mbeidh an t-oideachas mar bhealach cruthaithe ina bhfuil deiseanna níos fearr dóibh siúd i bpobail atá i mbaol míbhuntáiste agus eisiamh sóisialta.

[1] Plean CDSIS

Ba chóir leas a bhaint as deontas CDSIS chun na spriocanna a bhaint amach atá leagtha síos i bplean gníomhaíochta le haghaidh feabhsúcháin CDSIS de chuid na scoile síos trí théamaí CDSIS.

## Riachtanais phleanáil gníomhaíochta CDSIS

Ní mór do na scoileanna uile i gclár CDSIS dul i ngleic le pleanáil gníomhaíochta chórasach le haghaidh feabhsúcháin. Mar thoradh ar an bpróiseas pleanála ba chóir go ndéanfaí plean feabhsúcháin trí bliana a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm: Plean Gníomhaíochta le haghaidh Feabhsúcháin de chuid CDSIS. Tá athbhreithniú le déanamh ar an bplean seo gach bliain. **Níl gá le plean breise ná plean ar leith don fhéinmheastóireacht scoile (FMS) ós rud é gurb é Plean Gníomahíochta le haghaidh Feabhsúcháin de chuid CDSIS plean feabhsúcháin na scoile.**

Cuirtear i gcuimhne do scoileanna CDSIS atá rannpháirteach sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta gur chóir go mbeadh critéir teangabhunaithe san áireamh ina bplean gníomhaíochta CDSIS le bheith aitheanta mar scoil Ghaeltachta.

Agus Plean Gníomhaíochta le haghaidh Feabhsúcháin de chuid CDSIS á chur le chéile, á chur i bhfeidhm, á athbhreithniú agus á thabhairt suas chun dáta, ba chóir don phobal scoile dul i ngleic leis an bpróiseas féinmheastóireachta ina bhfuil sé chéim mar atá leagtha amach i gCiorclán 0056/20022 Féinmheastóireacht Scoile: Na Chéad Chéimeanna Eile Meán Fómhair 2022- Meitheamh 2026.[2]

Ba chóir go mbeadh mír ar leith ag Plean Gníomhaíochta le haghaidh Feabhsúcháin de chuid CDSIS le haghaidh phríomhthéamaí CDSIS, atá mar seo a leanas:

- Tinreamh
- Coinneáil
- Litearthacht
- Uimhearthacht
- Ag tacú le haistriú oideachais
- Comhpháirtíocht le tuismitheoirí agus le daoine eile
- Gnóthachtáil sna scrúduithe (iar-bhunscoil amháin)

Tugadh isteach na trí théama comhtháite seo a leanas mar théamaí nua CDSIS in 2017.

- Ceannaireacht
- Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

[2] féinmheastóireacht-scoile-na-chéad-chéimeanna-eile-meán-fómhair-2022-meitheamh-2026

- Folláine

Cé nach bhfuil gá le mír ar leith do gach ceann de na téamaí comhtháite seo cosúil le príomhthéamaí CDSIS, ba chóir a chur san áireamh conas is féidir iad a chomhtháthú isteach sna príomhthéamaí, agus go bhfuil na spriocanna agus gníomhartha ábhartha leagtha amach de réir mar is cuí.

**Foilseoidh an Roinn treoirlínte suas chun dáta maidir le próiseas pleanála gníomhaíochta CDSIS i mí Mheán Fómhair 2023.**

## Úsáid spriocdhírithe Dheontas CDSIS

Ní mór do thacaíochtaí CDSIS deontas CDSIS san áireamh a bheith dírithe ar na leanaí agus na daoine óga sin is mó atá i mbaol míbhuntáiste oideachais. Ba chóir leas a bhaint as deontas CDSIS chun na spriocanna a bhaint amach i bPlean Gníomhaíochta na scoileanna le haghaidh Feabhsúcháin de chuid CDSIS síos trí théamaí CDSIS.

Do scoileanna CDSIS atá san áireamh i scéim theagmhála baile, scoile agus an phobail (TBSP) is riachtanas é **gur chóir 10% ar a laghad de dheontas bliantúil CDSIS do gach scoil a bheith leithdháilte le húsáid ar ghníomhaíochtaí TBSP agus a bheith curtha ar fáil don chomhordaitheoir TBSP.** Cuirtear i gcuimhne do scoileanna a bhfuil comhordaitheoir TBSP acu faoin tábhacht a bhaineann comhlíonadh théarmaí Chiorclán 0016/2019 Scéim Theagmhála Baile, Scoile agus an Phobail[3].

Agus deontas CDSIS á gcaitheamh is gá do scoileanna a chur san áireamh má bhaineann an t-earra/an tseirbhís lena bplean gníomhaíochta CDSIS agus má tá aon scéimeanna nó cláir tacaíochta ann cheana féin atá ar fáil sula ndéantar caiteachas na gcistí faoi dheontas CDSIS a mheas. Tá samplaí de scéimeanna den sórt sin agus eolas breise faoi TBSP ar fáil in Aguisín 1.

## Bainistíocht agus maoirseacht dheontas CDSIS

Ba chóir do scoileanna gach iarracht a dhéanamh le luach ar airgead a chinntiú agus na cleachtais airgeadais is fearr a chur i bhfeidhm. Ní mór do scoileanna a chinntiú go gcomhlíontar Ciorclán RCPA 13/14 Bainistíocht agus Cuntasacht as Deontais ó Chistí an Státchiste[4].

---

[3] Ciorclán 0016/2019

[4] https://www.gov.ie/ga/ciorclan/10b42-circular-132014-management-of-and-accountability-for-grants-from-exchequer-funds/

Is gá do bhoird bhainistíochta cuntais agus taifid mar is ceart agus mar is gnáth den airgead ar fad a fuarthas nó de chaiteachas dá leithéid d'airgead a tabhaíodh. Ba chóir a leithéid d'ioncam agus de chaiteachas a thaifeadadh i gcuntais scoile ag baint úsáid as na cóid ábhartha atá curtha ar fáil ag an Aonad Seirbhísí Tacaíochta Airgeadais (FSSU). Ba chóir go mbeadh a leithéid de thaifid agus de chuntais ar fáil freisin le hiniúchadh/cigireacht a dhéanamh orthu ag an FSSU nó ag an Iniúchadh Inmheánach den BOO agus/nó ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

### Tacaíochtaí ar fáil do scoileanna

- Ó mhí Mheán Fómhair 2023 ar aghaidh, déanfar an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM), an Lárionad Ceannaireachta Scoile (LCS), an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM) agus an Clár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí (CNIM) a chomhtháthú faoin scátheagraíocht Oide, a leanfaidh ag cur tacaíochtaí cuimsitheacha ar fáil do scoileanna lena n-áirítear Plean Gníomhaíochta CDSIS le haghaidh Feabhsúcháin.

- Tabharfaidh an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) tacaíocht do scoileanna agus iad ag obair chun feabhas a chur ar na heipéiris agus torthaí foghlama do dhaltaí a bhfuil riachtanais bhreise acu.

- Is féidir le scoileanna rochtain a dhéanamh ar thacaíocht ó Chigireacht na Roinne Oideachais ina bpróiseas pleanála gníomhaíochta de chuid CDSIS trí ríomhphost a sheoladh ag déanamh iarratais ar chuairt chomhairleach CDSIS chuig sse@education.gov.ie

- Feidhmíonn an tAonad Seirbhísí Tacaíochta Airgeadais (FSSU) i mBunscoileanna, Meánscoileanna Deonacha, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha agus is foinse thábhachtach comhairle agus tacaíocht í do bhainistíocht scoile agus do phearsanra airgeadais maidir le cúrsaí rialachais airgeadais agus cuireann sé iad ar a gcumas le forálacha an Achta Oideachais 1998 a chomhlíonadh ó thaobh cuntasachta, trédhearcachta agus freagrachta airgeadais as cistí an Státchiste. Tá tuilleadh eolais maidir leis na tacaíochtaí atá ar fáil ar a shuíomh gréasáin https://www.fssu.ie/ .

- Ba chóir do bhoird bhainistíochta de Scoileanna Náisiúnta Pobail agus de Choláistí Pobail teagmháil a dhéanamh leis an mBord Oideachais agus Oiliúna (BOO) iomchuí le haghaidh eolais maidir le fiosruithe a bhaineann le cúrsaí airgeadais na scoile lena n-áirítear cuntais agus taifid a choinneáil, cleachtais chuntasaíochta, buiséadú a dhéanamh, rialuithe caiteachais agus inmheánacha i gcomhréir leis an Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013.

Ba chóir fiosruithe maidir le feidhmiú dheontas CDSIS a chur ar ríomhphost chuig an seoladh seo a leanas: social_inclusion@education.gov.ie

Grainne Cullen
Príomhoifigeach
Aonad um Chuimsiú Sóisialta

10ú Iúil 2023

## Aguisín 1

Ba chóir do scoileanna an méid seo a leanas a chur san áireamh agus Deontas CDSIS á chaitheamh acu:

### 1.1 An mbaineann an t-earra/an tseirbhís leis na gníomhartha atá liostaithe ar Phlean Gníomhaíochta CDSIS le haghaidh Feabhsúcháin?

Má cheannaítear nó má úsáidtear an t-earra/an tseirbhís, an gcuideoidh sé/sí leis na spriocanna a bhaint amach atá leagtha síos i bPlean Gníomhaíochta CDSIS le haghaidh Feabhsúcháin? Conas a chuideoidh sé/sí leis na torthaí a bhaint amach agus an féidir a leithéid de thorthaí a thomhas?

### 1.2 An bhfuil an t-earra/an tseirbhís ar fáil faoi scéim atá ann cheana féin? Ba chóir do scoileanna féachaint ar ghníomhaireachtaí agus tacaíochtaí eile chun a fháil amach an bhfuil aon scéimeanna nó cláir tacaíochta ann cheana féin sula ndéantar caiteachas cistí faoi dheontas CDSIS a mheas.

Scéimeanna/cláir tacaíochta le cur san áireamh ná na cinn sin atá ar fáil dóibh seo a leanas:

| Scéim | Roinn |
|---|---|
| Éidí Scoile | An Roinn Coimirce Sóisialaí – Éadaí agus Coisbhirt chun Filleadh ar Scoil. |
| Béilí Scoile | An Roinn Coimirce Sóisialaí – Scéim na mbéilí scoile |
| Billí Fóntais | An Roinn Oideachais – maoiniú deontais chaipitíochta (seachas costais reatha taobh amuigh d'uaireanta gnó a bhaineann le CDSIS) |
| Leabhair Scoile | An Roinn Oideachais –Deontas leabhar scoile do Bhunscoileanna – Leabhair scoile bhunscoile in aisce do na bunscoileanna agus na scoileanna speisialta uile |
| FGL do Bhaill Foirne | An Roinn Oideachais – An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí. Oide ó Mheán Fómhair 2023 |
| Tógáil/TFC | An Roinn Oideachais – Deontas Mionoibreacha agus Deontas Infreastruchtúir TFC |

| | |
|---|---|
| Teicneolaíocht Chúnta | An Roinn Oideachais – Scéim Teicneolaíochta Cúnta |

Ba chóir do scoileanna iarracht a dhéanamh agus obair i gcomhar le gníomhaireachaí áitiúla chun feabhas a chur ar sheachadadh seirbhísí agus chun dúbláil acmhainní a sheachaint.

## 2. Scéim Theagmhála Scoile, Baile agus an Phobail

Is idirghabháil scoilbhunaithe í TBSP chun tabhairt faoi riachtanais na ndaltaí agus a dteaghlach i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste trí aitheantas a thabhairt do ról an tuismitheora mar an príomhoideoir agus trína fhorbairt. Baintear é seo amach trí dhíriú ar theaghlaigh na ndaltaí is mó atá i mbaol míbhuntáiste oideachais agus trí raon idirghabhálacha tacaíochta iomchuí a chur i bhfeidhm.

Do scoileanna CDSIS atá san áireamh i Scéim TBSP, is riachtanas é **gur chóir 10% <u>ar a laghad</u> de Dheontas bliantúil CDSIS do gach scoil a bheith leithdháilte le húsáid ar ghníomhaíochtaí TBSP agus a bheith curtha ar fáil don chomhordaitheoir TBSP.**

Mura leor 10%, ba chóir don scoil úsáid a bhaint as a breithiúnas féin maidir le méid iomchuí an mhaoinithe ó Dheontas CDSIS ar chóir é a bheith curtha ar fáil chun an tseirbhís TBSP a fheidhmiú. Chomh maith leis na costais taistil atá á n-íoc le Comhordaitheoirí TBSP faoi láthair, ba chóir éileamh a dhéanamh ar na costais taistil do Chomhordaitheoirí TBSP a fhreastalaíonn ar Chláir Forbartha Gairmiúla Leanúnaí (FGL) atá eagraithe ag an tSeirbhís Leasa Oideachais de TESS ó laistigh de Dheontas CDSIS.

Tá an Roinn ag iarraidh ar scoileanna CDSIS atá rannpháirteach i Scéim TBSP, ar bhonn bliantúil, eolas a chur ar fáil faoi chaiteachas TBSP lena n-áirítear cuspóirí, spriocanna, gníomhaíochtaí agus torthaí faoi TBSP.

## 3 Caiteachas Áiseanna Scoile

I gcásanna, áit a n-iarrann grúpaí pobail/neamhbhrabúis úsáid a bhaint as áiseanna na scoile b'fhéidir go mbeidh ar an mBord Bainistíochta breathnú ar an tsaincheist maidir leis na costais i gcomhréir leis na Treoirlínte maidir le húsáid Fhoirgnimh na Scoile lasmuigh d'uaireanta Scoile[5]

Ní féidir Deontas CDSIS a úsáid ach amháin le cúiteamh a dhéanamh ar chostais choimhdeacha ar nós teas, solas agus costais ilchineálacha do ghníomhaíochtaí roimh scoil agus i ndiaidh scoile má bhaineann siad le spriocanna ar leith faoi théamaí CDSIS. Mar

[5] Úsáid Fhoirgnimh na Scoile lasmuigh d'uaireanta Scoile

shampla, costas teasa agus solais le haghaidh club bricfeasta atá á fheidhmiú chun tinreamh scoile a chur chun cinn.